

**Innéacs Sloinnte Éireannacha agus Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Liatroma**  
ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois

Is féidir leaganacha éagsúla de c.3,000 sloinne a chuardach ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Cnuasach sloinnte é seo a d’eascair as saothar Choimisiún Béaloideasa Éireann i mbun tiomsú ábhair le beagnach 80 bliain. De réir mar a bhí an t-ábhar béaloidis ag teacht isteach, chruthaigh an Cláraritheoir, Seán Ó Súilleabháin, agus foireann an Choimisiúin, cártaí innéacs don ábhar agus do na faisnéiseoirí.

Cláraíodh na sloinnte de réir mar a tugadh do na bailitheoirí iad – leaganacha áitiúla, neamhchaighdeánaithe den chuid is mó. Tá an claochlú a thagann ar shloinnte ó cheantar go ceantar, nó ó theaghlach go teaghlach fiú, suntasach. Ní haon eisceacht, mar shampla, an sloinne Cafferky – agus na leaganacha malartacha O’Cafferky, McCafferky, McCafferty, Mac Eachmharcaigh, Ceafarcaigh, Ó Ceamharcaigh, Ó Ceafarcaigh, Cafferkey, Mac Ceamharcaigh luaite leis.

Thar na blianta d’fhás an bailiúchán sloinnte go suntasach agus b’éigean struchtúr a chruthú do na leaganacha malartacha ar fad. Cruthaíodh ‘ceannchárta’ do na sloinnte a raibh leaganacha iomadúla ann dóibh, is é sin rinneadh ceann amháin díobh a shainiú mar leagan molta chun an clárú a éascú. Thairis sin, ní dhearnadh aon athrú ar an litriú nó ar an leagan a tháinig ó bhéal na ndaoine. Baineadh leas as na ceannchártaí mar áis chrostartha agus le leaganacha gaolmhara a thabhairt isteach faoi shloinne amháin.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é an t-innéacs sloinnte seo ar mhaithe le taighdeoirí a chuireann suim i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile.

Faoi thionscadal Dúchas, rinneadh na ceannchártaí a thras-scríobh agus a ionchur i mbunachar a d’fhorbair Fiontar, DCU. Tá an bunachar inchuadaithe ar an suíomh seo agus ar fáil le híoslódáil i bhformáid XML. Cuirfear leis an liosta seo de 2,810 sloinne Éireannach – idir Bhéarla agus Ghaeilge – agus táthar ag súil go mbeidh sé ina uirlis úsáideach taighde agus riaracháin amach anseo.


**Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Liatroma**

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Liatroma a léamh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois. Ghlac beagnach 150 scoil páirt sa scéim i gcontae Liatroma agus tiomsaíodh 40 imleabhar mór d’ábhar béaloidis. Cé gur ábhar Béarla atá ann go príomha, tá iarsmaí de Ghaeilge Liatroma ina measc.

Tá dúchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal dúchas.ie á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacha agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair dúchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

*Nóta: Beidh deis ag an bpobal páirt a ghlacadh sa tionscadal seo ó mhí Eanáir 2015 ar aghaidh. Tuilleadh eolais ar fáil ag [duchas.ie/ga/info/crowd](http://duchas.ie/ga/info/crowd) nó ó [eolas@duchas.ie](mailto:eolas@duchas.ie).*



*An Roinn*  
**Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**  
*Department of*  
**Arts, Heritage and the Gaeltacht**

